Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2012–2013

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte: Ceimic

## Aonad C1

## Ardsraith

**[GSD22]**

GSD22

**DÉ MÁIRT 13 SAMHAIN 2012, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **4**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na ndúl, ar fáil duit.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| **Marc Iomlán** | |

8231.02

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Bhí John Newlands agus Dmitri Mendeleev i measc na n-eolaithe sna 1860í a rinne iarracht an fhaisnéis fhairsing a bhí ar eolas faoi na dúile san am a chur in ord.

**(a)** Dúirt Newlands go raibh airíonna den chineál chéanna ag gach ochtú dúil nuair a cuireadh na dúile in ord de réir mais adamhach.

**(i)** Cad é an t-ainm atá ar an dlí a luaigh Newlands?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth **amháin** a raibh eolaithe eile in amhras faoin phatrún seo.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Chuir Mendeleev na dúile in ord mais adamhach fosta ach ba mhó i bhfad an meas a bhí ag eolaithe eile ar phatrún Mendeleev ná ar an cheann a d'aimsigh Newlands.

**(b)** Luaigh **dhá** fháth a raibh Tábla Peiriadach Mendeleev níb fhearr ná an ceann a rinne Newlands.

1. _______________________________________________

_______________________________________________

2. _______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Tá níos mó dúl i dTábla Peiriadach na linne seo ná mar a bhí sa Tábla Peiriadach a d'fhorbair Mendeleev.

**(c)** Luaigh **dhá** dhifríocht idir Tábla Peiriadach na linne seo agus Tábla Peiriadach Mendeleev.

1. _______________________________________________

_______________________________________________

2. _______________________________________________

_______________________________________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Taispeántar cuid de Thábla Peiriadach na linne seo anseo thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| H | | | | | | | He |
| | Be | | | | O | | Ne |
| Na | | | Si | | S | Cl | |
| K | | | | | | | |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**(d)** Ná húsáid **ach** na dúile thuas leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Luaigh an **tsiombail** atá ar dhúil neamh-mhiotalach ar gás í ag teocht an tseomra agus a bhfuil dath glas uirthi.

______________________________ [1]

**(ii)** Cad iad an **dá** dhúil a stóráiltear faoi ola?

________________ agus ________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an dúil a bhfuil ceithre leictreon sa sceall seachtrach aici.

______________________________ [2]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Is comhdhúil ianach í ocsaíd sóidiam agus is féidir í a tháirgeadh tríd an imoibriú idir sóidiam agus ocsaigin.

**(a)** Comhlánaigh na léaráidí anseo thíos leis na leictreoin **uilig** atá in adamh sóidiam agus in adamh ocsaigine a thaispeáint.



adamh sóidiam



adamh ocsaigine [2]

**(b)** Mínigh cad é mar a tháirgtear ian ocsaíde as adamh ocsaigine.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Cén lucht atá ar ian sóidiam?

______________________________________________ [1]

**(d)** Cá mhéad adamh sóidiam a bhíonn ag imoibriú le hadamh ocsaigine amháin?

______________________________________________ [1]

**(e)** Bain úsáid as do fhreagra ar chuid **(d)** leis an fhoirmle don chomhdhúil ocsaíd sóidiam a scríobh.

______________________________________________ [1]

**(f)** Is solad ianach tipiciúil í ocsaíd sóidiam.

Luaigh **dhá** airí fhisiceacha a mbeifeá ag dúil leo a bheith ag ocsaíd sóidiam.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**LEATHANACH BÁN**

(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**3** Léigh an fhaisnéis thíos go cúramach.

Imoibríonn ocsaíd chopair, ar solad dubh í, le haigéad sulfarach agus le haigéad eatánóch agus déantar dhá shalann éagsúla. Is ainm ginearálta é salann a thugtar ar cheann de na dúile a dhéantar nuair a neodraítear aigéad. Is é sulfáit chopair a thugtar ar an salann a dhéantar as ocsaíd chopair agus aigéad sulfarach.




| **Ainm an Aigéid** | **Ainm an tSalainn a dhéantar nuair a imoibríonn an t-aigéad** |
| --- | --- |
| aigéad hidreaclórach | clóiríd |
| aigéad nítreach | níotráit |
| aigéad sulfarach | sulfáit |
| aigéad fosfarach | fosfáit |
| aigéad eatánóch | eatánóáit |

**(a)** Ainmnigh an salann a dhéantar nuair a imoibríonn ocsaíd chopair le haigéad eatánóch.

______________________________ [1]

**(b)** Cad é a thugtar ar an chineál imoibrithe idir aigéad agus bun nach dtáirgeann ach salann agus uisce.

______________________________ [1]

**(c)** Scríobh cothromóid chothromaithe don imoibriú idir ocsaíd chopair agus aigéad sulfarach.

______________________________ [2]

**(d)** Luaigh cad é atá le feiceáil nuair a imoibríonn ocsaíd chopair le haigéad sulfarach.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Ainmnigh an t-aigéad a imoibríonn le hocsaíd chopair le níotráit chopair a fhoirmiú.

_______________________________________________ [1]

Imoibríonn ocsaíd chopair níos gasta le 1mol/dm$^3$ d'aigéad sulfarach ná le 1mol/dm$^3$ d'aigéad eatánóch.

**(f)** Cad é a thugann sé seo le fios duit faoin láidreacht atá ag aigéad sulfarach agus ag aigéad eatánóch den tiúchan céanna?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**I gceist 4 measúnófar thú ar scileanna cumarsáide scríofa ar a n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíochta.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Is trí mheascán d'ocsaíd alúmanam leáite agus de chrióilít a leictrealú a dhéantar alúmanam.

Déan cur síos agus tabhair míniú ar tháirgeadh tionsclaíoch alúmanaim ag baint úsáid as leathchothromóidí do na hoibrithe ag na leicreoidí.

Luaigh i do fhreagra na fáthanna ar gá crióilít a chur ann chomh maith le hanóid úr.

[9]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers


LEATHANACH BÁN

(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**5** Taispeánann an léaráid anseo thíos céatadán (%) na ngás éagsúil atá i sampla d'aer tirim.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Ríomh céatadán (%) na dé-ocsaíde charbóin agus an argóin atá sa sampla seo d'aer tirim.

_______________________% [2]

**(b)** Tá dé-ocsaíd charbóin, ocsaigin agus nítrigin ann mar mhóilíní **dé-adamhacha** le naisc iolracha. Is mar adamhach a bhíonn argon ann.

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma dé-adamhach?

_______________________

_______________________ [1]

**(ii)** Mínigh, i dtéarmaí leictreon, cén fáth a bhfuil argón ann mar adamh.

_______________________

_______________________

_______________________ [2]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Agus léaráid phoncanna agus cros in úsáid agat, tarraing pictiúr de mhóilín nítrigine. Ná taispeáin ach na **leictreoin sheachtracha** amháin.

[3]

**(iv)** Ar do léaráid i gcuid **b(iii)** thuas, cuir lipéad ar phéire aonarach leictreon.

[1]

Bíonn móilíní uisce i láthair in aer tais.


**(c)** Tarraing léaráid phoncanna agus cros de mhóilín uisce. Ná taispeáin ach na **leictreoin sheachtracha** amháin. [3]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Taispeánann na léaráidí anseo thíos strúchtúr an dá **allatróp** de charbón, de dhiamant agus de ghraifít. Is substaint chrua é diamant a mbaintear úsáid as in uirlisí gearrtha. Is substaint bhog, liath, lonrach í graifít a mbaintear úsáid aisti mar luaidhe i bpinn luaidhe.




diamant




graifít

**(a)** Cad é is allatróp ann?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(b)** Ar na léaráidí, cad é atá á léiriú ag:

**(i)** na poncanna dubha atá lipéadaithe **A**?

______________________________________________________________ [1]

**(ii)** na línte soladacha atá lipéadaithe **B**?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Bain úsáid as struchtúr an diamaint agus na graifíte lena mhíniú cén fáth:

**(i)** a n-úsáidtear diamant in uirlisí gearrtha

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** a n-úsáidtear graifít i bpinn luaidhe

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Is miotal í sinc. Imoibríonn sí le haigéid agus déantar gás hidrigine.

**(a)** Tarraing léaráid **lipéadaithe** de struchtúr miotail amhail sinc.

Bain úsáid as do léaráid leis an nascadh miotalach i sinc a mhíniú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(b)** Scríobh cothromóid siombailí chothromaithe don imoibriú idir sinc agus aigéad hidreaclórach.

______________________________________________ [3]

**(c)** Luaigh **dhá** dhóigh a mbeadh a fhios agat go mbeadh an t-imoibriú idir **farasbarr** since agus aigéad hidreaclórach thart?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(d)** Mínigh cad é mar a thástálfá an gás a tháirgfí lena dhearbhú gur hidrigin é.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(e)** Scríobh cothromóid siombailí chothromaithe don imoibriú i gcuid **(d)**.

______________________________________________ [3]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

112990

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers